Paróiste an Chnoic
Séipéal N. Ainnín & Séipéal N. Cholmcille
Teileafón: 091 593122; Fón póca: 087.9983172
**R.phost:** seip.n.ainnin@gmail.com **seip.n.colmcille@gmail.com**
**Aifreann ar an idirlíon ag** http://www.mcnmedia.tv
**Ar an raidió go háitiúil ar 105.5fm**

**AN DARA DOMHNACH DEN CHARGHAS 25ú Feabhra *2024***
**'Cloiseadh glór an Athar as an scamall solasmhar: "Seo é mo Mhac muirneach dár thug mé gean; éistigí leis."**




## Aifrinn - Séipéal Naomh Ainnín, an Chnoc

**Dé Sathairn: 24ú - 7.30 i.n**
**Bairbre (Babe) Uí Choisdealbha (Aif. Cinn Mhíosa),** Baile na mBrabhach.
**Claire Uí Chonghaile,** An Púirín.
**Tomás & Bríd Uí Ghabhnáin & a gclann mac Pádraic, Michael, Eddie & Martin & Cáit Ní Fhátharta,** Coill Rua.
**Marcus & Máire Uí Chualáin, a mac Pádraig & Bríd Ní Chadhain,** Cathair.

**Déardaoin: 29ú - 10.00 r.n.**
**Mary Bonnie Blanchard, a fuair bás le gairid i Meiriceá.**

**Dé hAoine: 1ú - 7.00 r.n. Aifreann Speisialta Maidine don Charghas.**

**Dé Sathairn: 2ú - 7.30 i.n.**
**An Pobal**
**Caitlín Uí Chonghaile,** Bearna.
**Josie Clancy,** Teach Mór.
**Kathleen Ní Ráinne, a máthair Áine Ní Mhaoláin, a dheartháiracha Peadar, Pronsias, Beartla & a muintir.** Leitir Caladh.
**Pádraig Ó Conghaile, a bhean céile Kate & a chlann Joe, Máire, Brid & a fear Dudley Bailey,** Cornarón.
**Johnny, Michael, Máirtín, Thomas, Peter, Ann & a fear Cóilín Ó Dubháin,** Sasana.

## Aifrinn - Séipéal Naomh Cholmcille, an Tulach

**Dé Sathairn: 24ú - 6.00 i.n.**
**Sarah Larkin (Aif. Cinn Mhíosa),** Cnoc a' dTua.
**George Brock,** Caorán, Baile na hAbhann.

**Dé Sathairn: 2ú - 6.00 i.n.**
**Andy & Sally Mogan,** Cornarón.
**Tommy (Phete) Ó Cualáin,** Teach Mór.

## Briathar Dé

**An Chéad Léacht** *Sliocht as Leabhar Genesis -- 22:1-2, 9-13, 15-18*

Thríáil Dia Abráhám: "A Abráhám, a Abráhám," ar sé, "Tá mé anseo," ar sé. "Tabhair leat do mhac" arsa Dia leis, d'aonmhac Ísác, a bhfuil grá do chroí agat dó, agus imigh go Móriá, agus déan é a íobairt ansin ina íobairt dhóite ar chnoc a spáinfidh mé duit." Nuair a shroich siad an áit a spáin Dia dó, shín Abráhám a lámh amach, agus rug greim ar scian lena mhac a mharú. Ach ghlaoigh aingeal an Tiarna air ó neamh agus dúirt: "A Abráhám, a Abráhám," "Tá mé anseo, a dúirt sé." Dúirt Dia leis: "Ná leag lámh ar do mhac agus ná déan aon dochar dó; mar tá a fhios agam anois go bhfuil eagla Dé ort, mar níor dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac dom." Ansin, d'ardaigh Abráhám a shúile agus breathnaigh, bhí reithe agus adharca fada air i bhfastó i dtor taobh thiar de; rug sé ar an reithe agus rinne sé é a ofráil mar íobairt dhóite in áit a mhic. Agus ghlaoigh aingeal an Tiarna an dara huair ar Abráhám ó neamh: "Mhionnaigh mé dar mise féin -- focla an Tiarna iad seo -- os rud é go ndearna tú an rud seo, agus nár dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac féin dom, dáilfidh mé na frasa beannachtaí anuas ort. Cuirfidh mé an rath ar do shíol, agus beidh siad chomh líonmhar le réalta neimhe nó le gaineamh na trá; agus beidh seilbh ag do shliocht ar gheataí chathrach do naimhde. Beannóidh ciníocha uileag an domhain iad féin dar do shliocht mar gur ghéill tú do mo ghlór."

**Briathar an Tiarna.** **Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Salm le Freagra:** **Freagra:** *Siúlfaidh mé i bhfianaise an Tiarna i ndúiche na mbeo.*

1. Bhí muinín agam nuair a dúirt mé:
   "Tá mé do mo bhuaireamh go mór."
   Is luachmhar i bhfianaise an Tiarna,
   bás a chuid naomh. ***Fr***

2. A Thiarna, is mise do ghiolla;
   scaoil tú mo chuibhreacha díom.
   Ofrálfaidh mé íobairt an mholta duit,
   glaofaidh mé ar ainm an Tiarna. ***Fr***

3. Déanfaidh mé ar gheall mé don Tiarna a chomhlíonadh,
   i láthair an phobail ar fad,
   i gcúirteanna theach an Tiarna,
   i do lár baill, a Iarúsailéim. ***Fr***

**An Dara Léacht** *Sliocht as Litir N. Pól chuig na Rómhánaigh -- 8:31-34*
A bhráithre, má tá Dia ar ár dtaobh nach cuma cé atá inár n-aghaidh? Nuair nár lig sé uaidh a mhac féin, ach é a ofráil suas ar ár son ar fad, tuige nach mbronnfadh sé chuile ghrásta eile orainn chomh maith? Agus cé a dhéanfaidh pobal tofa Dé a chúisiú? Má shaorann Dia muid, cé dhaorfaidh muid? An é Críost a dhéanfaidh é, an té a fuair bás agus a tógadh ó mhairbh, agus atá fós ar dheis Dé ag idirghuibhe ar ár son?
**Briathar an Tiarna:** **Freagra:** *Buíochas le Dia*

## An Chomhgháir
Cloiseadh glór an Athar as an scamall solasmhar: "Seo é mo Mhac muirneach dár thug mé gean; éistigí leis."

**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas -- 9:2-10*
San am sin, thug Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin agus thug sé suas ar shliabh ard ar leataobh iad. Agus tháinig claochlú air os comhair a súl, agus d'éirigh a chuid éadaigh lonrach, iad fíorgheal. Agus facthas dóibh Maois agus Éilias agus iad ag comhrá leis. Agus labhair Peadar le hÍosa: "A Mháistir," ar sé, "is maith mar tharla anseo muid: déanadh muid trí bhoth, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias" -- mar ní raibh a fhios aige céard ab'fhearr dó a rá, mar bhí uafás orthu. Agus tháinig scamall ina scáil anuas orthu agus an glór as an scamall: "Seo é mo Mhac muirneach dár thug mé gean: éistigí leis!" Agus go tobann nuair a bhreathnaigh siad ina dtimpeall, ní fhaca siad duine ar bith, ach Íosa ina aonar in éineacht leo. Ar an mbealach anuas den sliabh, d'fhógair sé orthu, gan a raibh feicthe acu a inseacht do dhuine ar bith nó go mbeadh Mac an Duine éirithe ó mhairbh. Agus choinnigh siad an scéal chucu féin ach go mbídís ag fiafraí dá chéile céard a chiallaigh an t-éirí seo ó mhairbh.
**Soiscéal an Tiarna:** **Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*

***S. Rúndiamhair an chreidimh***

**P. Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

<u>**Scrioptúir Dé Domhnaigh seo chugainn**</u>

*Sliocht as Leabhar Exodus -- 20:1-17   Salm 18*

*Céad Litir N. Pól chuig na Coirintigh -- 1:22-25*

*N. Eoin -- 2:13-25*

***'Is agatsa, a Thiarna atá briathra na beatha síoraí.'***




<u>***Fógraí***</u>

<u>**Aifrinn speisialta maidine don Charghas**</u>. Ceiliúrfar aifrinn ag 7.00 r.n. i Séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc, Indreabhán, chuile Aoine idir seo agus an Cháisc. Tá súil againn go dtabharfaidh sé seo deis do dhaoine a bhíonn ag dul bóthar cois farraige go moch ar maidin, comh maith le muintir na háite. Is seans é seo aifreann a cheiliúradh, uair sa tseachtain, roimh na hoibre nó roimh an lae scoile. Beidh tú ag dul amach doras an tséipéil arís ag 7.20 r.n., le cúnamh Dé! Beidh na haifrinn seo ar an idirlíon comh maith @ www.mcn.live

<u>**Faoistin don Charghas**</u>. Beidh faoistin ar fáil i Séipéal Mhic Dara ar an gCeathrú Rua chuile Shathairn i rith an Charghas ag 12.00 m.l. Beidh faoistin ar fáil comh maith tar éis na haifrinn a bhéas ann ar maidin sna Séipéil i Leitir Mealláin, Tír an Fhia, An Tulach agus An Cnoc Indreabhán.

**Tá an suíomh gréasáin** www.mcnmedia.tv ag athrú go www.mcn.live Beidh an sean-seoladh i bhfeidhm go dtí an 20ú Feabhra ach ina dhiaidh sin caithfear an suíomh gréasáin nua www.mcn.live a úsáid.

**Fáiltíonn an Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh** roimh iarratais do phost an Bhainisteora Cúraim Leanaí agus do phoist lánaimseartha & pháirtaimseartha mar oibrithe luathbhlianta. Teastaíonn taithí bainistíochta agus/nó riaracháin do phost an Bhainisteora. Tá Scéim Cáilíochta ag an ITT freisin chun cabhrú le daoine cáilíochtaí cúraim leanaí a bhaint amach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 091 399199 nó ríomhphost a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com

<u>**Ar Dheis Dé**</u>

**Sorcha Uí Fhlatharta,** Lochán Beag**.**

**Paddy Folan,** Teach Mór Thoir**.**

**Duine Idirchaidrimh an Pharóiste atá ainmnithe ag an Deoise:**

***Caitríona Uí Bhéarra 0872118838***